



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curriculum agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Dréacht de Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta

I gcomhair comhairliúcháin

Feabhra 2025

An Clár Ábhar

An tsraith shinsearach.....	1
Réasúnaíocht.....	2
Aidhmeanna	4
Leanúnachas agus dul chun cinn.....	4
An tSraith Shóisearach.....	4
I ndiaidh na sraithe sinsearaí.....	5
Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach.....	5
Príomhinniúlachtaí	6
Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama.....	9
Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíochta a chur i bhfeidhm	11
Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíochta a chur i bhfeidhm: Torthaí foghlama	11
Snáithe 1: An áit ina gcónaímid – an timpeallacht fhisiciúil.....	14
Snáithe 1: Torthaí foghlama	14
Snáithe 2: An áit ina gcónaímid – an timpeallacht dhaonna.....	20
Snáithe 2: Torthaí foghlama	20
Snáithe 3: Conas a mhairimid – an timpeallacht nasctha.....	23
Snáithe 3 Torthaí foghlama.....	23
Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire.....	27
Measúnú	28
Measúnú don teistiúchán	29
Comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis: Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí.....	29
Tuairisceoirí cáilíochta don chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis	30
Scrúdú scríofa	32
Socruithe réasúnta	32
Grádú na hArdteistiméireachta.....	33
Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh	35

An tsraith shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena sláinte agus a fholláine ar bhonn ginearálta. Baineann 8 dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí	
Folláine agus caidreamh	Rogha agus solúbthacht
Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht	Leanúnachas agus aistrithe
Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht	Rannpháirtíocht agus saoránacht
Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol	Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige, i gcomhréir lena chuid mianach agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíochta agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a thuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú aige agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina chuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an sraith shinsearach bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá chuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois,

stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, mianach agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrafaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreistithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, leis an scoláire, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fíс chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ligeann dó feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

Réasúnaíocht

Baineann an Tíreolaíocht leis an Domhan, lena phobail agus leis na hidirghníomhaíochtaí eatarthu. Is disciplín eolaíochta agus daonnachtaí ilghnéitheach í ina mbaintear úsáid as modheolaíochtaí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an domhan fisiciúil agus daonna a fhiosrú.

Tugann staidéar Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta eolas, scileanna, luachanna agus meonta ábhartha agus inaistrithe don scoláire. Trína staidéar, éiríonn an scoláire níos léannta ó thaobh na tíreolaíochta de agus tá sé in ann tuiscint a fháil ar idirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí na gcinntí a mhúnlaíonn na timpeallachtaí nádúrtha agus daonna atá thart orainn. Tacaítear leis agus é ag anailísiú agus ag measúnú dúshláin eacnamaíochta, timpeallachta agus shóisialta agus na bhfreagraí ar na dúshláin sin.

Trí Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, téann an scoláire i ngleic le príomhchoincheapa. Foghlaimíonn sé ceangal a dhéanamh idir a eispéiris tíreolaíochta ar réimse scálaí. Cuirtear ar chumas an scoláire páirt ghníomhach a ghlacadh ina fhoghlaim agus í a chur i bhfeidhm trí smaointeoireacht tíreolaíoch agus scileanna a fhorbairt. Cuireann sé ceisteanna faoin tíreolaíocht, agus déanann sé fiosrúcháin tíreolaíochta a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú. Déanann sé sonraí ón saol réadúil a anailísiú, a shintéisiú agus a chur in iúl.

Leis an tíreolaíocht, tacaítear le forbairt scileanna amhail an smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna. Cuireann na scileanna sin ar chumas an scoláire cinntí agus breithiúnais fhianaisebhunaithe a dhéanamh, agus freagraí cruthaitheacha agus inbhuanaithe ar dhúshlán chasta na tíreolaíochta a shainaithint agus a chur i bhfeidhm. Cuidíonn an tíreolaíocht leis an scoláire cruinneshamhail eolach a fhorbairt, agus cuireann sí ar a chumas cinntí eiticiúla atá dírithe ar an todhchaí a dhéanamh agus a bhealach a dhéanamh tríd an saol ina bhfuil an domhandú ag dul i méid.

Aidhmeanna

Is é aidhm Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta tuiscint an scoláire ar an Domhan agus a phobail a fhorbairt, chomh maith lena spéis i dtábhacht phraiticiúil na tíreolaíochta agus a léirthuisicint uirthi. Tacaítear leis an scoláire le bheith ag smaoineamh ar nós tíreolaí agus scileanna tíreolaíochta a chur i bhfeidhm, chun tuiscint níos fearr a fháil ar an domhan agus chun cuidiú le todhchaí níos inbhuanaithe a mhúnlú ó thaobh eolais chriticiúil de.

Ar bhonn níos sonraí, cuireann Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta ar chumas an scoláire:

- na hidirghníomhaíochtaí idir próisis fhisiciúla agus dhaonna a shainaithint, a anailísiú agus a mheasúnú go criticiúil
- scileanna smaointeoireachta agus fiosrúcháin tíreolaíochta a fhorbairt, a úsáid agus a chur i bhfeidhm
- tuiscint a fhorbairt ar choincheapa atá fíorthábhachtach do dhisciplín na Tíreolaíochta
- tuiscint a fháil ar aimpléiseacht na bhfórsaí a mbíonn tionchar acu ar réimse scálaí
- plé le sonraí agus faisnéis ó réimse foinsí iontaofa
- úsáid a bhaint as cinnteoireacht agus breithiúnais fhianaisebhunaithe chun freagraí cruthaitheacha agus inbhuanaithe ar dhúshlán eacnamaíochta, timpeallachta agus shóisialta a fhiosrú.

Leanúnachas agus dul chun cinn

Tógann Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta ar an eolas, ar na scileanna, ar na luachanna agus ar na meonta a eascraíonn ó oideachas an scoláire ón gcóras luathóige go dtí an tsraith shóisearach san iar-bhunscoil. Cé go gcuireann Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta leanúnachas agus dul chun cinn san oideachas tíreolaíoch ar fáil, níl sé riachtanach staidéar a bheith déanta ar an ábhar sa tsraith shóisearach sula ndéantar Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta.

An tSraith Shóisearach

Is é is aidhm le Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí cur ar chumas an scoláire a bheith eolach ar an tíreolaíocht, fiosracht an scoláire a mhúscailt, agus deiseanna a chur ar fáil don scoláire dul i rannpháirtíocht lena ngarthimpeallacht agus leis an domhan mór. Forbraíonn an scoláire eolas, scileanna, luachanna agus iompar a ligeann dó fiosrú a dhéanamh ar an domhan fisiciúil, ar ghníomhaíochtaí an duine agus ar an gcaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan agus idirnáisc, idirghníomhaíochtaí agus impleachtaí a aithint. Cuirtear ar a chumas an domhan a

fhiosrú agus a thuiscint trí dhearcadh na tíreolaíochta agus spreagtar é tairbhe luachmhar agus eiticiúil a dhéanamh dá phobal, dá cheantar agus dá thír trí scileanna inaistrithe a fhorbairt, an smaointeoireacht chriticiúil, comhoibriú agus cumarsáid san áireamh.

Cuireann an fhoghlaim agus na heispéiris le hábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí eile – mar shampla Staidéar Gnó, Stair, Eolaíocht agus Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) – go mór le staidéar an scoláire ar an tíreolaíocht.

I ndiaidh na sraithe sinsearaí

Trí staidéar Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, tá an scoláire níos ullmhaithe do ghnáthimeachtaí an tsaoil. Neartaíonn sé a thuiscint agus a fheasacht ar spás, forbraíonn sé inniúlacht idirchultúrtha, agus faigheann sé léirthuiscint ar a thírdhreach áitiúil agus tairbhe á baint aige as. Agus é ag forbairt a smaointeoireachta eolaíche, cuireann sé feabhas ar a fheasacht agus a anailís ar fhírinní an tsaoil, ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal domhanda. Trína scileanna tíreolaíochta a chur i bhfeidhm, tá an scoláire in ann réitigh a chur i gcrích le haghaidh todhchaí inbhuanaithe ar bhealach níos fearr.

Mar ábhar a chuireann le disciplíní eile agus a chuireann eolas, scileanna, luachanna agus meonta inaistrithe ar fáil, cruthaíonn an tíreolaíocht bunús fórmhaith don scoláire atá ag bogadh isteach i mbreisoideachas agus i mbreisoiliúint, san ardoideachas agus sa saol oibre. Cuireann Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta bunchloch ar fáil don scoláire maidir le raon leathan gairmeacha spreagúla agus fiúntacha, lena n-áirítear an ailtireacht, anailís ar shonraí, bainistiú acmhainní, an eolaíocht talmhaíochta, na heolaíochtaí, an fuinneamh inbhuanaithe, an fhiontraíocht, an ghairneoireacht, an innealtóireacht, an t-oideachas, oidhreacht na timpeallachta, an phleanáil uirbeach, an pholaitíocht, an teicneolaíocht, tógáil agus an turasóireacht.

Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire **laistigh** de na hábhair agus na modúil a nglacann sé páirt iontu **agus** gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire ag a bhfuil baint lena eispéiris sraithe sinsearaí **ar fad**. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhuine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal ‘príomhinniúlachtaí’ ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris **ar fad** sa tsraith shinsearach. Leagtar amach an

fhoghlaim a tharlaíonn **laistigh** den ábhar nó den mhodúl sonrach faoin teideal ‘snáitheanna agus torthaí foghlama’. Ach tá sé rithábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is é an scoláire a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D’fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach don scoláire a phríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, leanann an scoláire ar aghaidh ag baint tairbhe as

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dó aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina shaol mar dhuine fásta le linn dó caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus an scoláire ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid don scoláire, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt aige agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair an scoláire a dhoimhniú, éiríonn an scoláire níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena fhorbairt iomlánaíoch mar dhuine.


Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é *Príomhinniúlachtaí* ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.



Fíor 1 Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mianaítear leo

Leagtar amach an t-eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl na modúl sna príomhinniúlachtaí.



Fíor 2 Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht.

Tá na hinniúlachtaí seo idirnasctha agus is féidir iad a thabhairt le chéile; tá siad in ann foghlaim iomlán an scoláire a fheabhsú; in ann cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí foghlama difriúla; agus tá tábhacht ag baint leo ar fud an churaclaim.

Cuireann forbairt litearthachta agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht an scoláire a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena chuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag <https://ncca.ie/en/senior-cycle/senior-cycle-redevelopment/student-key-competencies/>

Is féidir na príomhinniúlachtaí a fhorbairt i dTíreolaíocht na hArdteistiméireachta ar réimse bealaí éagsúla.

Mar shampla, forbraíonn an scoláire inniúlachtaí a bhaineann leis an **smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna** ina anailís ar phatrúin, amhail patrúin na tuile nó dáileadh na gcriosanna aeráide. Le béim ar shonraí tíreolaíocha a bhailiú, a léirmhíniú, a anailísiú agus a shintéisiú, neartaítear cumas an duine óig treochtaí a shainaithint nó smaointe nua a fhorbairt. Trí cheisteanna a bhainistiú, foghlaimíonn an scoláire conas a eolas a chur i bhfeidhm maidir le dúshláin phraiticiúla, amhail an phleanáil uirbeach nó coimhlint, agus freagraí a fhorbairt lena n-aimsítear cothromaíocht idir tosca eacnamaíocha, timpeallachta agus sóisialta.

Le linn a staidéar ar Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, tacaítear leis an scoláire inniúlacht **an rannpháirteachais sa tsochaí** a fhorbairt trí dhul i ngleic le ceisteanna atá ábhartha do dhaoine óga, amhail úsáid na talún nó an imirce. Forbraíonn an scoláire a smaointe féin agus cuireann sé in iúl iad, bunaithe ar fhianaise, agus tuiscint aige ar thionchar roghanna an duine. Chomh maith leis sin, forbraíonn sé an inniúlacht a thuairimí a léiriú i bplé faoi dhúshláin áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus dhomhanda, amhail iad siúd a bhaineann leis an timpeallacht fhisiciúil, leis an domhandú nó le coimhlint. Leis sin méadaítear ar a chumas critíc a dhéanamh ar an status quo agus é a cheistiú, moltaí a dhéanamh agus tionchar a imirt maidir le múnú freagraí claochlaitheacha i dtreo todhchaí atá níos inbhuanaithe agus níos cothroime.

Agus é ag fiosrú ábhair éagsúla amhail an gheomoirfeolaíocht, lonnú agus an tAontas Eorpach, neartaíonn an scoláire a thuiscint agus a chumais maidir le **cumarsáid**. Spreagtar an scoláire réimse leathan sonraí agus eolas tíreolaíoch a anailísiú agus a léirmhíniú, chun

ceisteanna criticiúla a chur agus tuiscint a fháil ar dhearcthaí difriúla, mothúcháin, luachanna agus ceisteanna casta na tíreolaíochta. Agus é ag plé le heolas i bhformáidí éagsúla, amhail léarscáileanna, grianghraif agus graif, cuireann an scoláire a thuiscint agus stíl chumarsáide in oiriúint do chomhthéacsanna difriúla. Cé acu atá sé ag cur in iúl a léirmheasanna eolacha faoi éifeachtaí na mbolcán, ag díospóireacht faoi fhreagairtí ar shaincheisteanna uirbeacha nó ag tuairimíocht faoi fhreagairtí inbhuanaithe ar réimse dúshláin thíreolaíocha, déanann an scoláire cleachtadh ar eolas a chur in iúl, argóint agus smaointe a chur ina luí ar dhaoine eile go héifeachtach.


Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Ceapadh an tsonraíocht seo do Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig d'am ranga ar a laghad.

Tá ceithre shnáithe i sonraíocht Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta: snáithe aontaitheach, Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíocha a chur i bhfeidhm, agus trí shnáithe chomhthéacsúla, An áit ina gcónaímid – an timpeallacht fhisiciúil, An áit ina gcónaímid – an timpeallacht dhaonna, agus Conas a mhairimid – an timpeallacht nasctha. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtiocfaidh an scoláire ar fhoghlaim an disciplín atá leagtha amach sa snáithe aontaitheach agus go gcuirfidh sé i bhfeidhm í ar bhealach comhtháite agus rannpháirt á glacadh aige san fhoghlaim sna trí shnáithe chomhthéacsúla ar leith agus eatarthu.

I bhFíor 3 tugtar breac-chuntas ar struchtúr shnáitheanna Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta

- Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíochta a chur i bhfeidhm (snáithe aontaitheach)
- An áit ina gcónaímid – an timpeallacht fhisiciúil (Snáithe 1)
- An áit ina gcónaímid – an timpeallacht dhaonna (Snáithe 2)
- Conas a mhairimid – an timpeallacht nasctha (Snáithe 3)



Fíor 3 Snáithe Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal mianach agus cumas féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Tabharfaidh scoláirí atá ag déanamh staidéar ar an ngnáthleibhéal agus ar an ardleibhéal aghaidh chriticiúil ar an Tíreolaíocht, ach beidh an comhthéacs, an fhaisnéis agus na torthaí a eascraíonn as an rannpháirtíocht sin difriúil lena chéile.

Tugtar achoimre scéil ar gach snáithe thíos, agus tábla ina ndiaidh. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Cé go bhfuil uimhreacha ar na torthaí foghlama, is ar mhaithe le héascaíocht a dhéantar é sin agus ní thugann sé ordlathas cur chuige le tuiscint. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaímíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil. In Aguisín 1 leagtar amach gluais de na briathra gnímh atá in úsáid sna torthaí foghlama.

Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíochta a chur i bhfeidhm

Is snáithe aontaitheach é Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíochta a chur i bhfeidhm, ina leathnaítear coincheap na Feasachta Tíreolaíochta ón tSraith Shóisearach agus gnéithe comhthéacsúla próiseas, patrún, córas agus scála; scileanna tíreolaíochta; agus inbhuanaitheacht.

Tiocfaidh an scoláire ar na torthaí foghlama atá leagtha amach sa snáithe aontaitheach agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad ar bhealach comhtháite le linn a fhoghlama sna trí shnáithe chomhthéacsúla: An áit ina gcónaímid – an timpeallacht fhisiciúil (Snáithe 1), An áit ina gcónaímid – an timpeallacht dhaonna (Snáithe 2), agus Conas a mhairimid – an timpeallacht nasctha (Snáithe 3).

Tacaíonn an snáithe aontaitheach leis an scoláire eolas an disciplín a fhorbairt, lena n-áirítear a thuiscint ar thréithe an eolais tíreolaíoch agus ar conas a ghintear an t-eolas sin agus conas a chuirtear in iúl é trí fhiosrúchán. Tríd an bhfoghlaim ar a dtugtar breac-chuntas sa snáithe aontaitheach, forbróidh an scoláire tuiscint ar thionchar na smaointeoireachta tíreolaíche sa saol réadúil, agus ar an mbealach a bhféadfadh an tíreolaíocht cur le tuiscint a fháil ar dhúshlán eacnamaíochta, timpeallachta agus shóisialta agus freagairt orthu. Forbróidh sé a chumas ceisteanna a chur faoin tíreolaíocht, scileanna agus modheolaíochtaí na tíreolaíochta a úsáid chun plé le sonraí agus eolas agus iad a chruthú; fiosrúcháin tíreolaíochta a phleanáil, a chur i gcrích, a mheasúnú agus a chur in iúl.

Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíochta a chur i bhfeidhm: Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
<p><u>Tíreolaíocht sa saol réadúil</u></p> <ul style="list-style-type: none">• raon dhisciplín na Tíreolaíochta (speisialtóireachtaí sa Tíreolaíocht)• tábhacht dearcaidh tíreolaíoch agus ceisteanna tíreolaíochta (lena n-áirítear: Céard é féin? Céard leis a bhfuil sé cosúil? Cén fáth a bhfuil sé ann? Cén chaoi ar tharla sé? Cén tionchar atá aige? Cén chaoi ar cheart é a bhainistiú?)	A1 léirithuiscint a fháil ar nádúr, fairsinge agus luach na Tíreolaíochta

<ul style="list-style-type: none"> • inoiriúnaitheacht agus inaistritheacht scileanna tíreolaíoch • smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíoch, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le fiosrúchán agus teicneolaíochtaí geospásúla sa phleanáil agus cinnteoireacht eacnamaíoch, timpeallachta agus shóisialta 	<p>A2 cur i bhfeidhm agus ról na smaointeoireachta agus scileanna tíreolaíoch sa saol réadúil a aithint</p>
<p><u>Príomhchoincheapa sa Tíreolaíocht:</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • coincheapa lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> — idirghníomhaíochtaí — idirnaisc — impleachtaí — patrún — áit — cumhacht agus tionchar — próiseas — scála — dáileadh spáis — inbhuanaitheacht — córais 	<p>A3 tuiscint a thaispeáint ar phríomhchoincheapa na tíreolaíochta</p>
<p><u>Fiosrúchán agus scileanna tíreolaíoch</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • taighde ag an deasc agus allamuigh, ceisteanna eiticiúla, sábháilteachta agus inbhuanaitheachta ina measc • sonraí agus faisnéis thíreolaíoch, lena n-áirítear: 	<p>A4 ceisteanna tíreolaíoch a cheapadh</p> <p>A5 fiosrúcháin thíreolaíoch a phleanáil agus a chur i gcrích sa saol réadúil</p> <p>A6 taighde a dhéanamh ar shonraí agus faisnéis thíreolaíoch agus modheolaíochtaí cuí á n-úsáid</p> <p>A7 sonraí agus faisnéis thíreolaíoch a anailísiú agus a shintéisiú ó réimse foinsí cuí</p>

- sonraí príomhúla agus tánaisteacha
- sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla
- léarscáileanna ar réimse scálaí, aer-ghrianghraif, íomhánna satailíte agus gearrthóga beochana
- graif, cairteacha agus staidreamh
- tacair shonraí gheospásúla

- éifeachtacht an fhiosrúcháin tíreolaíoch, lena n-áirítear ceist(eanna) nó fócas an fhiosrúcháin, modheolaíochtaí agus foinsí
- formáidí cumarsáide, lena n-áirítear léarscáileanna, graif, cairteacha, sceitsí, léaráidí, staidreamh, tacair shonraí gheospásúla
- ceisteanna eiticíúla lena n-áirítear feasacht chultúrtha, ceanglais dlí, lua agus tagairt chuí na bhfoinsí

A8 éifeachtacht an fhiosrúcháin tíreolaíoch a mheasúnú

A9 tuiscint, torthaí, conclúidí agus moltaí maidir leis an tíreolaíocht a chur in iúl go héifeachtach agus go heiticiúil

Snáithe 1: An áit ina gcónaímid – an timpeallacht fhisiciúil

Baineann Snáithe 1 le próisis agus córais fhisiciúla agus idirghníomhaíochtaí daonna leo.

Neartóidh an scoláire a staidéar ar an inneachar seo trí na suíomhanna atá sonraithe sa tábla seo thíos agus trí shuíomhanna ábhartha áitiúla, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta eile, mar is cuí. Le linn a staidéir ar Shnáithe 1, tiocfaidh an scoláire ar na torthaí foghlama atá leagtha amach sa snáithe aontaitheach agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad ar bhealach comhtháite.

I Snáithe 1, forbraíonn an scoláire a chuid eolais ar phróiseas na gníomhaíochta teicteonaí agus cuirfidh sé luach ar thorthaí tairbheacha agus díobhálacha féideartha na nguaiseacha nádúrtha. Déanann sé measúnú ar éifeachtacht straitéisí bainistíochta maidir le hullmhú agus freagairt ar chreathanna talún agus brúchtaí bolcán. Chomh maith leis sin, cuireann an snáithe seo deis ar fáil don scoláire smaoineamh ar thimthriall na gcarraigeacha agus tomhaltas an duine maidir le hacmhainní nádúrtha. Scrúdóidh an scoláire próisis dromchla agus é ag forbairt a fheasachta ar thimpeallachtaí abhann, cósta agus oighir, ar thionchair agus ar fhreagairtí bainistithe. Neartóidh sé a thuiscint ar an aimsir trí staidéar a dhéanamh ar an atmaisféar agus ar thionchar na n-aigéan ar phróisis na haimsire. Fiosróidh sé criosanna aeráide, tionchar na haeráide ar bhithóm na hÉireann, agus déanfaidh sé réimse freagairtí inbhuanaithe ar an athrú aeráide a mheas.

Snáithe 1: Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
<u>Teicteonaic</u> <ul style="list-style-type: none">teicteonaic plátaí, lena n-áirítear plátaí, foirmiú teorainneacha na bplátaí, gluaiseacht plátaí, leathadh ghrinneall na farraige, sruthanna comhiompaircinéalacha teorainneacha plátaí: déanmhasach, claochlúcháin, scriosachpróisis lena n-áirítear sruthanna comhiompar, fodhuchtú, leathadh	1.1 míniú a thabhairt ar theicteonaic plátaí agus ar na próisis a thagann chun cinn ag cineálacha difriúla teorainneacha plátaí

<p>ghrinneall na farraige, foirmiú plátaí, dífhoirmiú plátaí agus tarraingt leaca</p> <ul style="list-style-type: none"> • dhá shampla dhifriúla sliabhraonta, ceann amháin in Éirinn agus ceann eile i suíomh eile • próisis is cúis le gníomhaíocht bholcánach agus na tírghnéithe a bhíonn mar thoradh uirthi i suíomhanna atá ábhartha do gach cineál • tionchair dhearfacha agus dhiúltacha (guaiseacha agus tairbhí) na gníomhaíochta bolcánaí i suíomh amháin sa Domhan Thuaidh agus suíomh amháin sa Domhan Theas • cúiseanna agus éifeachtaí creathanna talún, cineálacha difriúla gluaiseachta plátaí san áireamh, i suíomh amháin sa Domhan Thuaidh agus suíomh amháin sa Domhan Theas • ullmhú do chreathanna talún agus bolcáin agus freagairt orthu i suíomh amháin sa Domhan Thuaidh agus suíomh amháin sa Domhan Theas 	<p>1.2 scrúdú a dhéanamh ar fhoirmiú sliabhraonta trí phróisis theicteonacha</p> <p>1.3 anailís a dhéanamh ar na próisis is cúis le gníomhaíocht bholcánach ag imill plátaí dhéanmasacha agus scriosacha agus ag pointí te</p> <p>1.4 iniúchadh a dhéanamh ar thionchair shocheacnamaíocha agus timpeallachta na gníomhaíochta bolcánaí</p> <p>1.5 plé a dhéanamh ar chúiseanna agus éifeachtaí na gcreathanna talún</p> <p>1.6 measúnú a dhéanamh ar ullmhú don ghníomhaíocht sheismeach agus ar fhreagairtí uirthi</p>
<p><u>Timthriall na gcarraigeacha</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • próisis lena n-áirítear 	<p>1.7 breac-chuntas a thabhairt ar na príomhphróisis a bhaineann le timthriall na gcarraigeacha</p>

<ul style="list-style-type: none"> — próisis ingineacha (meiteamorfacht, criostalú magmatach) — próisis eisigineacha (síonchaitheamh gníomhaíochta bolcánaí, creimeadh) — dríodrú 	
<p><u>Idirghníomhú le hacmhainní nádúrtha</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • dúshláin na hastarraingthe, úsáid agus bainistiú mianraí, breoslaí iontaise, coillte agus ithreach • tionchar diúltach an tsaothraithe ar an timpeallacht • freagairtí inbhuanaithe maidir le bainistiú acmhainní, acmhainní in-athnuaite agus teicneolaíochtaí malartacha san áireamh 	<p>1.8 scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin is cúis le caitheamh acmhainní nádúrtha agus measúnú a dhéanamh ar fhreagairtí inbhuanaithe ar na dúshláin sin</p>
<p><u>Próisis dromchla</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • dobharphróisis an chreimthe, an iompair agus an tsil-leagain • straitéisí lena n-áirítear tógáil dambaí, bainistiú tuilte agus sampla amháin de straitéis atá bunaithe ar an dúlra • suíomh amháin le haghaidh gach straitéise bainistithe abhann • tírghnéithe ar thírdhreach na hÉireann 	<p>1.9 dobharphróisis agus a dtionchar ar thimpeallachtaí fisiciúla agus daonna a anailísiú</p> <p>1.10 straitéisí bainistithe abhann a phlé</p> <p>1.11 fianaise ar phróisis oighreacha agus chósta i múnú thírdhreach na hÉireann a shainaithint</p>

<ul style="list-style-type: none"> • rioscaí reatha agus sa todhchaí, creimeadh cósta agus tuilte cósta san áireamh • straitéisí crua-innealtóireachta: ballaí mara, sraodbhallaí, armúr carraige, gaibiúin, gradhana • straitéisí boginnealtóireachta: athsholáthar gainimh, athghiniúint dumhcha, cúlú bainistithe • straitéisí crua- agus boginnealtóireachta i suíomhanna ábhartha in Éirinn 	<p>1.12 scrúdú a dhéanamh ar na rioscaí do thimpeallachtaí daonna de bharr mhéadú leibhéal na mara</p> <p>1.13 measúnú a dhéanamh ar thionchar agus inbhuanaitheacht straitéisí crua- agus boginnealtóireachta ar thimpeallachtaí daonna</p>
<p><u>An t-atmaisféar agus an aimsir</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • na cúig scair (trópaisféar, strataisféar, méisisféar, teirmisféar, eisisféar) agus na saintréithe a bhaineann le gach ceann acu • foirmiú lagrach (cioclóin) agus frithchioclóin: <ul style="list-style-type: none"> — domhanleithead, airde agus cóngarachacht d’uisce — cúrsaíocht dhomhanda an atmaisféir (iarmhairt Coriolis) — brú atmaisféarach ard agus íseal • iompraíocht lagrach agus frithchioclón: <ul style="list-style-type: none"> — teocht — frasaíocht — gaoth 	<p>1.14 cur síos ar struchtúr agus ar shaintréithe atmaisféar an Domhain</p> <p>1.15 anailís a dhéanamh ar conas a fhoirmítear lagraigh agus frithchioclóin agus conas a ghníomhaíonn siad</p>
<p><u>Aeráid</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • criosanna aeráide, criosanna trópaiceacha, measartha, 	<p>1.16 idirdhealú idir criosanna aeráide maidir le suíomh agus saintréithe</p>

ilchríochacha, polacha agus tura san áireamh

- tionchair na haeráide ar ithreacha, flóra agus fána
- saintréithe bhithóm na hÉireann

- tionchair ar an timpeallacht fhisiciúil, lena n-áirítear:
 - tírdhreacha reoite ag leá (oighearshruthanna, oighearchaidhpeanna, talamh síorshiotha)
 - forbairt theirmeach (an aigéin agus an atmaisféir)
 - athruithe suímh, minicíochta agus déine maidir le tarluithe adhamsire
 - coigeartuithe iseastatacha agus eostatacha
- tionchair ar an timpeallacht dhaonna:
 - cleachtais feirmeoireachta in Éirinn agus i suíomh amháin sa Domhan Theas
 - imirce de bharr na haeráide
 - an tsláinte, dáileadh agus forleithne galar san áireamh

- freagairtí lena n-áirítear:
 - maolú lena n-áirítear gabháil carbóin agus laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa
 - oiriúnú atá dírithe ar leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú, lena n-áirítear

1.17 anailís a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an aeráide ar shaintréithe bhithóm na foraoise báistí measartha

1.18 iniúchadh a dhéanamh ar na héifeachtaí ón athrú aeráide ar thimpeallachtaí fisiciúla agus daonna

1.19 taighde a dhéanamh ar na freagairtí ar an athrú aeráide domhanda

córais réamhrabhadh, bonneagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, an talmhaíocht aeráid-chliste agus árachas riosca aeráide

- Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide agus beart mór idirnáisiúnta amháin eile a bhaineann leis an athrú aeráide
- ról an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC)

1.20 monatóireacht ar an athrú aeráide domhanda a phlé

Snáithe 2: An áit ina gcónaímid – an timpeallacht dhaonna

Baineann Snáithe 2 le lonnaíocht agus gluaiseacht an duine, le príomhghnéithe na tíreolaíochta daonna. Déanann an scoláire staidéar ar na gnéithe seo trí na suíomhanna atá sonraithe sa tábla seo thíos agus trí shuíomhanna ábhartha áitiúla, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta eile, mar is cuí. Le linn a staidéir ar Shnáithe 2, tiocfaidh an scoláire ar na torthaí foghlama atá leagtha amach sa snáithe aontaitheach agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad ar bhealach comhtháite.

I Snáithe 2, déanann an scoláire tionchar na háite ar ghníomhaíocht an duine a mheas, chomh maith le freagairtí inbhuanaithe ar na dúshláin atá roimh phobail thuaithe agus uirbeacha in Éirinn agus i dtíortha eile. Le Snáithe 2 éascaítear foghlaim an scoláire freisin maidir le fás agus dáileadh an daonra, agus saintréithe phobal na hÉireann. Faigheann an scoláire feacht ar chastacht na himirce, ar na tosca sóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta ag a mbíonn tionchar ar an imirce, agus ar thionchair na himirce ar réimse scálaí éagsúla.

Snáithe 2: Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
<u>Lonnaíocht an duine</u> <ul style="list-style-type: none">• lonnaíochtaí tuaithe agus uirbeacha in Éirinn• patrúin lonnaíochta tuaithe, lonnaíocht líneach, scaipthe agus chnuasta san áireamh• tosca fisiciúla agus daonna, lena n-áirítear ithir, draenáil, fóirithint, iompar agus seirbhísí eile, cóngarachtaí do lonnaíochtaí eile• dúshláin lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cearta an dúlra, an iompair agus seirbhísí eile	<p>2.1 cur síos ar conas is féidir lonnaíochtaí daonna a shainmhíniú de réir suímh, cáis agus feidhme</p> <p>2.2 na tosca a théann i bhfeidhm ar phatrúin na lonnaíochtaí tuaithe in Éirinn a mhíniú</p> <p>2.3 freagairtí inbhuanaithe a phlé maidir leis na dúshláin atá roimh cheantair thuaithe in Éirinn</p>

<ul style="list-style-type: none"> • freagairtí inbhuanaithe, lena n-áirítear straitéisí pleanála áitiúla agus náisiúnta, tionscnaimh phobalbhunaithe • tosca a imríonn tionchar ar an uirbiú: domhandú, fostaíocht, seirbhísí, straitéisí pleanála, pleananna forbartha • tionchair an uirbithe: an tsraoilleáil uirbeach, lonnaíochtaí neamhfhoirmiúil, seirbhísí, fo-uirbiú agus frithuirbiú, uaisliú, zónáil agus luachanna talún • freagairtí inbhuanaithe lena n-áirítear straitéisí na pleanála uirbí (athnuachan, athfhorbairt), éiceachathracha agus cathracha cliste • tionchair agus freagairtí inbhuanaithe i suíomh amháin in Éirinn agus suíomh amháin sa Domhan Theas 	<p>2.4 na tosca a théann i bhfeidhm ar an uirbiú a mhíniú</p> <p>2.5 freagairtí inbhuanaithe a phlé maidir le tionchair an uirbithe</p>
<p><u>Daonra agus imirce</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • tosca lena n-áirítear cúram sláinte, bia, coimhlint, cultúr, an tírdhreach fisiciúil, acmhainní nádúrtha in Éirinn agus i suíomh amháin sa Domhan Theas • saintréithe an phobail ina shuíomh áitiúil in Éirinn agus i suíomh amháin sa Domhan Theas 	<p>2.6 tionchar tosca difriúla ar mhéid agus dáileadh an daonra a mhíniú</p> <p>2.7 saintréithe struchtúr an daonra a scrúdú</p>

<ul style="list-style-type: none"> • beartais a imríonn tionchar ar rátaí beireatais agus ar an aosú, comhionannas inscne agus bánú na tuaithe in Éirinn agus i suíomh amháin sa Domhan Theas 	<p>2.8 beartais a imríonn tionchar ar athrú an daonra a anailísiú</p>
<ul style="list-style-type: none"> • tosca lena n-áirítear an stair choilíneach, coimhlínt, an t-athrú aeráide, cultúr, déimeagrafaíocht, eacnamaíocht, beartais agus dlíthe 	<p>2.9 na tosca a imríonn tionchar ar an imirce idirnáisiúnta a phlé</p>
<ul style="list-style-type: none"> • tionchair lena n-áirítear caidrimh phobail, éagsúlacht, rannchuidiú eacnamaíoch, fostaíocht, seirbhísí agus acmhainní agus seoltáin • tionchair ar Éirinn mar thír óstach agus bhronntach, agus tagairt do shuíomh áitiúil san áireamh 	<p>2.10 tionchair na himirce a mhíniú</p>

Snáithe 3: Conas a mhairimid – an timpeallacht nasctha

Baineann Snáithe 3 leis an talmhaíocht agus le hiascaigh, an turasóireacht, an domhandú agus an trádáil, forbairt agus geopholaitíocht. Glacfaidh an scoláire páirt san fhoghlaim sa snáithe seo trí na suíomhanna a shonraítear sa tábla seo thíos agus trí shuíomhanna ábhartha áitiúla, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta eile, mar is cuí. Le linn a staidéir ar Shnáithe 3, tiocfaidh an scoláire ar na torthaí foghlama atá leagtha amach sa snáithe aontaitheach agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad ar bhealach comhtháite.

I Snáithe 3, déanann an scoláire tábhacht na talmhaíochta in Éirinn a mheas, chomh maith le tionchar bheartais an Aontais Eorpaigh ar an talmhaíocht agus ar iascaigh araon. Déanann sé staidéar ar an turasóireacht in Éirinn agus cuireann sé lena thuiscint ar an ollturasóireacht. Smaoiníonn an scoláire faoi na tosca a imríonn tionchar ar an domhandú agus ar thionchar an domhandaithe ar ghníomhaíocht eacnamaíoch in Éirinn. Pléann sé le samhlacha agus tomhas na forbartha, agus le cúnamh forbartha agus clár comhoibrithe Rialtas na hÉireann. Ina staidéar ar an ngeopholaitíocht, fiosraíonn an scoláire ganntanas uisce mar ábhar ar leith a chuireann le teannais gheopholaitíochta agus féachann sé ar shamplaí eile den gheopholaitíocht sa domhan, aighneas críche san áireamh.

Snáithe 3 Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
---	--

<p><u>Talmhaíocht agus Iascaigh</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • comharchumainn, lárionaid mhargaidh agus meicniú • an inbhuanaitheacht eacnamaíoch, timpeallachta agus shóisialta i dtalmhaíocht na hÉireann • cleachtais talmhaíochta a bhíonn á n-athrú, lena n-áirítear diansaothrú, cuir chuige orgánacha agus táirgeadh bia uirbeach • an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus an Comhbheartas Iascaigh (CBI) 	<p>3.1 scrúdú a dhéanamh ar thábhacht agus nádúr éabhlóideach na talmhaíochta in Éirinn</p> <p>3.2 tionchar bheartais an Aontais Eorpaigh ar an talmhaíocht agus ar iascaigh in Éirinn a phlé</p>
<p><u>An Turasóireacht</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • patrúin agus treochtaí lena n-áirítear méid na gcuirteoirí agus teacht isteach, taitneamhachtaí agus seirbhísí • tionchair dhearfacha agus dhiúltacha na hollturasóireachta i réigiúin na Meánmhara maidir leis an eacnamaíocht, an timpeallacht agus an tsochaí • an ollturasóireacht amach anseo agus roghanna eile atá inbhuanaithe 	<p>3.3 measúnú a dhéanamh ar phatrúin agus treochtaí a bhaineann leis an turasóireacht in Éirinn</p> <p>3.4 iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt agus tionchair na hollturasóireachta</p>
<p><u>Domhandú agus Trádáil</u></p> <ul style="list-style-type: none"> • tosca a imríonn tionchar ar an domhandú: bloic thrádála, Corparáidí ilnáisiúnta, nuálaíocht agus maoiniú, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus iompar 	<p>3.5 tosca, a bhfuil tionchar acu ar an domhandú, a fhiosrú</p>

<ul style="list-style-type: none"> • toska lena n-áirítear rochtain ar an lucht saothair, amhábhair, seirbhísí, margáí, beartais an rialtais maidir le trádáil agus cánacha • tionchair lena n-áirítear inaistritheacht gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua-aimseartha 	<p>3.6 iniúchadh a dhéanamh ar na toska a spreagann CIN amháin le ceanncheathrú a bhunú in Éirinn agus tionchar an domhandaithe ar an CIN sin a mheasúnú</p>
<p><u>Cúnamh forbartha agus comhoibriú</u></p>	
<ul style="list-style-type: none"> • samhlacha lena n-áirítear Caomhnaitheacht, Nuachóiriú agus Forbairt Inbhuanaithe • bearta lena n-áirítear an Olltáirgeacht Intíre, an tOllioncam Náisiúnta, an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna agus an tInnéacs Forbartha de réir Inscne 	<p>3.7 samhlacha agus bearta na forbartha a phlé</p>
<ul style="list-style-type: none"> • gnéithe an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (saol fada agus folláin, eolas agus caighdeán maireachtála fóna) • toska eacnamaíocha, timpeallachta agus sóisialta lena n-áirítear an t-athrú aeráide, stair choilíneach, coimhlint agus síocháin, fiacha, tíreolaíocht, forbairt phobail, beartais an rialtais agus trádáil • gnéithe CINanna agus na toska a mbíonn tionchar acu orthu i suíomh amháin sa Domhan Thuaidh agus suíomh amháin sa Domhan Theas 	<p>3.8 anailís a dhéanamh ar na toska a mbíonn tionchar acu ar ghnéithe CINanna</p>
<ul style="list-style-type: none"> • cúnamh daonnúil mar fhreagairt ar ghéarchéim dhaonnúil amháin • comhoibriú forbartha thar lear i suíomh amháin sa Domhan Theas 	<p>3.9 taighde a dhéanamh ar chúnamh daonnúil Rialtas na hÉireann agus a chlár comhoibrithe maidir le forbairt thar lear</p>

An Gheopholaitíocht

- | | | |
|--|------|--|
| <ul style="list-style-type: none">• an gheopholaitíocht mar idirnasca idir an tíreolaíocht, an déimeagrafaic, an eacnamaíocht, an timpeallacht agus an pholaitíocht | 3.10 | cur síos a dhéanamh ar an téarma geopholaitíocht ach samplaí a úsáid |
| <ul style="list-style-type: none">• deiseanna agus dúshláin a thagann chun cinn le ceithre shaoirse an Aontais Eorpaigh (saorghluaiseacht earraí, chaipitil, seirbhísí, agus saothair) | 3.11 | ceithre shaoirse an Aontais Eorpaigh (AE) a anailísiú |
| <ul style="list-style-type: none">• ganntanas uisce mar chúis le teannas geopholaitiúil agus mar thionchar air• freagairtí molta nó curtha i gcrích ar an nganntanas uisce | 3.12 | ganntanas uisce a mheasúnú mar thoisic a chuireann le teannas geopholaitiúil |
| <ul style="list-style-type: none">• aighneas críche: ar talamh, ar muir nó san aerspás• na gníomhaithe atá páirteach san aighneas críche roghnaithe• cúiseanna, tionchair agus freagairtí molta nó curtha i gcrích maidir leis an aighneas críche roghnaithe | 3.13 | aighneas críche a iniúchadh |

Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire

I dTíreolaíocht na hArdteistiméireachta, tá an fhoghlaim sa snáithe aontaitheach:

Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíocha a chur i bhfeidhm mar bhonn faoi eispéireas an scoláire. Ciallaíonn sé sin go bpleanálfar go cúramach eolas, scileanna, luachanna agus meonta an disciplín a dtugtar breac-chuntas orthu sna torthaí foghlama agus sa snáithe aontaitheach agus déanfar iad a chomhtháthú in eispéireas foghlama an scoláire sna trí shnáithe chomhthéacsúla.

Cuimsíonn an snáithe aontaithe féidearthachtaí do raon leathan de chur chuige foghlama agus teagaisc, lena n-áirítear iad siúd a chothaíonn forbairt ar bhealach tíreolaíoch chun breathnú ar an domhan. Trí na hoideolaíochtaí sin, tacófar leis an scoláire ábharthacht na tíreolaíochta a thuiscint agus príomhchoincheapa na tíreolaíochta a chur i bhfeidhm, ceisteanna tíreolaíocha a chur, agus páirt a ghlacadh i scrúdú agus cruthú sonraí agus faisnéise tíreolaíche, lena n-áirítear léarscáileanna, grianghraif agus íomhánna, graif, cairteacha, staidreamh agus tacair shonraí gheospásúla.

Bainfear úsáid as cuir chuige foghlama agus teagaisc a thacóidh leis an scoláire fiosrúcháin thíreolaíocha a phleanáil, a chur i gcrích, a anailísiú agus a shintéisiú, a mheasúnú agus a chur in iúl ar fud an tsnáithe. Trí chomhtháthú éifeachtach na foghlama seo ar fud na sonraíochta, agus trí thús áite a thabhairt don fhoghlaim amuigh faoin aer agus d'obair allamuigh, beidh deiseanna ag an scoláire eolas teoiriciúil a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna sa saol réadúil. Dá réir sin, trí na heispéiris phraiticiúla seo, éireoidh coincheapa teibí níos inbhraite, agus neartóidh an scoláire a chumas an smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíocha a úsáid agus é i mbun dúshláin agus freagairtí tíreolaíocha a mheas.

Tá an scoláire i gcroílár Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta. Le cois chomhtháthú na dtorthaí foghlama sa snáithe aontaitheacha, tá nascanna i ngach ceann de na trí shnáithe chomhthéacsúla agus eatarthu freisin, agus déanfar na nascanna sin a fhiosrú ar bhealach atá inrochtana agus ábhartha do gach scoláire. Le béim ar an bhfoghlaim amuigh faoin aer agus ar an obair allamuigh i suíomhanna áitiúla tacófar le rochtain agus suim an scoláire maidir le foghlaim ábhartha agus mhealltach na tíreolaíochta. Déanfar an fhoghlaim ionchuimsitheach trína chinntiú go bhfuil an t-inneachar ábhartha d'eispéiris agus do shaol gach scoláire. Trí úsáid a bhaint as réimse uirlisí agus acmhainní tíreolaíocha, teicneolaíochtaí geospásúla san áireamh, déanfar foghlaim Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta níos inrochtana agus níos dinimiciúla.

Spreagfar an scoláire le dul i ngleic leis an smaointeoireacht thíreolaíoch agus eolas a thabhairt le chéile, aiseolas a thabhairt agus a fháil agus na smaointe nua a chur san áireamh nó a leasú. Tacófar leis an scoláire rochtain a fháil ar an gcineál foghlama a oireann dá riachtanais éagsúla ar leith. Beidh éileamh difriúil le sonrú i ngach gníomhaíocht foghlama toisc go mbíonn smaointe agus tuiscint dhifriúil ag gach scoláire. Cuirfear an ionchuimsitheacht chun cinn trí úsáid a bhaint as straitéisí, amhail leibhéal na hinniúlachta a theastaíonn a athrú, méid agus cineál idirghabháil an mhúinteora a athrú, agus luas agus ord na foghlama a athrú.

I dTíreolaíocht na hArdteistiméireachta, beidh deiseanna ag an scoláire obair ina aonar nó i gcomhar le scoláirí eile, sa seomra ranga agus amuigh faoin aer araon. Leis an bpiarfhoghlaim agus le measúnú neartófar a scileanna criticiúla, anailíseacha agus tíreolaíocha in éineacht lena scileanna idirphearsanta agus cumarsáide. Beidh aiseolas leanúnach agus cuiditheach ón múinteoir agus ó phiaraí, chomh maith le deiseanna struchtúrtha chun machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim fite fuaite sa phróiseas foghlama. Leis an machnamh tacófar leis an scoláire a láidreachtaí a shainnithint, chomh maith le réimsí inar cheart dó é féin a fheabhsú, chun meon foráis a chothú.

Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam idirdhealaithe, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainnithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainnithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceistanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú le haghaidh teistiúcháin bunaithe ar réasúnaíocht, ar aidhmeanna agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a bhfuil Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí i gceist léi. Beidh an scrúdú scríofa ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal. Bunófar an Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí ar threoir chomónta. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

I ndáil leis an scrúdú scríofa, déanfar Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta a mheasúnú ar dhá leibhéal – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (Tábla 1). Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh an scoláire foghlaim atá cuí don leibhéal. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar don scoláire atá i mbun scrúdaithe ag leibhéil dhifriúla.

Tábla 1: Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin

Comhpháirt mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí	40%	Treoir Chomónta
Scrúdú scríofa	60%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis: Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí

Leis an Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí cuirtear deis ar fáil don scoláire fianaise ar a chuid foghlama ar fud na sonraíochta a thaispeáint, is é sin le rá, an fhoghlaim atá leagtha amach sa snáithe aontach a chur i bhfeidhm agus a thaispeáint i gcomhthéacs ceann nó níos mó de na trí shnáithe chomhthéacsúla. Déanfar príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí agus scileanna tíreolaíochta, atá neadaithe i bhfoghlaim Thíreolaíochta na hArdteistiméireachta, a chur i bhfeidhm trí rannpháirtíocht an scoláire sa Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí.

Tá an Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí ceaptha le bheith comhtháite go nádúrtha i sreabhadh na foghlama agus an teagaisc agus leas á bhaint as cumhacht an tionscadail chun an scoláire a

spreagadh.¹ Trí rannpháirteachas sa Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí tacaítear leis an scoláire ábharthacht na tíreolaíochta dá shaol a thuiscint chomh maith.

Leis an Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí a chur i gcrích déanfaidh an scoláire fiosrúchán de réir inneachar agus ceanglais threoir CSS. Is é a bheidh i gceist leis sin ná taighde a dhéanamh ar réimse a bhaineann le hinneachair na treorach. Déanfaidh sé a fhiosrúchán a phleanáil agus a chur i gcrích. Baileoidh agus anailíseoidh sé sonraí, rud a chuirfidh lena fhoghlaim agus a chuideoidh leis tátail eolacha a bhaint astu agus a chur in iúl.

Treoir an Tionscadail Tíreolaíochta Feidhmí

Cuireann an scoláire a Thionscadal Tíreolaíochta Feidhmí i gcrích de réir na treorach comhchoitinne a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Foilseoidh CSS an treoir seo gach bliain. Chomh maith le ceanglais shonracha an Tionscadail Tíreolaíochta Feidhmí a leagan amach, déanfar an méid a leanas sa treoir:

- tacófar leis an scoláire machnamh a dhéanamh ar réimsí a bhaineann leis an treoir agus ar mhian leis iniúchadh a dhéanamh orthu
- tacófar leis an múinteoir agus é ag plleanáil don fhoghlaim and don teagasc
- d'fhéadfadh sí tacú leis an scoláire acmhainní a bhailiú a bhféadfaidh sé leas a bhaint astu agus é ag críochnú a Chomhpháirte Measúnaithe sa Bhreis.

Ar chur i gcrích an tionscadail, cuirfidh an scoláire tuairisc aonair ar fáil ar a Thionscadal Tíreolaíochta Feidhmí i bhformáid atá leagtha síos ag CSS.

Bíonn ardleibhéal neamhspleáchais ag scoileanna chun cur i gcrích an Tionscadail Tíreolaíochta Feidhmí a phleanáil agus a eagrú. Tugann cáipéis ar leith, *Treoirlínte maidir leis an Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí*, treoir maidir le raon ábhar a bhaineann le heagrú, cur i bhfeidhm agus maoirseacht na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis seo.

Tuairisceoirí cáilíochta don chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann an scoláire amach sa Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí. Éilíonn an tionscadal, go háirithe, go ndéanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:

- A fhiosrúchán a phleanáil agus a chur i gcrích
- Anailís agus cumarsáid

¹ Meastar go dtógfaidh an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis suas le 20 uair an chloig lena cur i gcrích. Cuirfear sonraí breise ar fáil sna *Treoirlínte chun tacú leis an Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí*.

- Measúnú agus machnamh.

Tábla 2: Tuairisceoirí cáilíochta: Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí

	An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála	An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála	An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála
A fhiosrúchán a phleanáil agus a chur i gcrích	plé go mion le coincheapa ábhartha. Raon leathan sonraí a mheas agus a phlé ar bhealach éifeachtach. Modheolaíochtaí bailithe sonraí, atá cuí agus a bhfuil cúis leo, a roghnú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach.	dea-rannpháirtíocht le coincheapa ábhartha. Raon sonraí a mheas agus a phlé. Modheolaíochtaí bailithe sonraí atá cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach réasúnta éifeachtach.	plé teoranta a dhéanamh le coincheapa. Raon sonraí a mheas agus a phlé ar bhealach teoranta. Modheolaíochtaí bailithe sonraí, nár roghnaíodh go maith, a úsáid le héifeacht theoranta.
Anailís agus cumarsáid	anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar a dtorthaí. Cumarsáid a dhéanamh ar fud an tsnáithe ar an mbealach is soiléire agus is cuimsithí, agus teanga sheasmhach agus chiallmhar á húsáid. Téarmaíocht tíreolaíoch a úsáid go cuí agus ar bhealach atá ábhartha. Sonraí,	anailís a dhéanamh ar a dtorthaí. Cumarsáid ghinearálta a dhéanamh ar bhealach soiléir agus cuimsitheach ar fud an tsnáithe, den chuid is mó, agus teanga réasúnta seasmhach agus chiallmhar á húsáid. Roinnt téarmaíocht tíreolaíoch a úsáid go cuí agus ar bhealach atá ábhartha.	beagán anailíse nó gan anailís ar bith a dhéanamh ar a thorthaí. Doiléir agus teoranta ina chumarsáid i gcoitinne, agus teanga neamhsheasmhach agus dhothuigthe á húsáid aige. Téarmaíocht tíreolaíoch a úsáid go hannamh nó ar bhealach nach bhfuil cuí ná ábhartha.

	eolas, agus anailís shoiléir agus chúí a chur i láthair trí úsáid a bhaint as réimse grafaicí ábhartha nuair is cuí.	Sonraí, eolas agus anailís shásúil a chur i láthair, agus úsáid á baint as grafaicí ábhartha nuair is cuí.	Sonraí, eolas agus anailís teoranta a chur i láthair, gan mórán nó gan aon úsáid as grafaicí.
Measúnú agus machnamh	measúnú cúramach agus machnamh a dhéanamh ar fud an tionscadail agus smaoineamh go mion ar an dóigh a mbaineann a thorthaí le comhthéacs ar leith nach fócas a fhiosrúcháin é.	roinnt measúnaithe agus machnaimh a dhéanamh ar fud an tionscadail agus smaoineamh ar an dóigh a mbaineann a thorthaí le comhthéacs ar leith nach fócas a fhiosrúcháin é.	measúnaithe agus machnamh teoranta a dhéanamh in amanna le linn an tionscadail agus smaoineamh ar bhealach teoranta ar an dóigh a mbaineann a thorthaí le comhthéacs ar leith nach fócas a fhiosrúcháin é.

Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (Fíor 2, leathanach 6) fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- an fhoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sa snáithe aontaithe agus sna trí shnáithe chomhthéacsúla
- cur i bhfeidhm na smaointeoireachta tíreolaíche maidir le dúshláin agus freagairtí sa domhan réadúil

Socruithe réasúnta

Éilíonn an tsonraíocht seo do Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta go rachaidh an scoláire i ngleic le nádúr an ábhair ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Tá dhá chuid ag baint leis an measúnú don teistiúchán i dTíreolaíocht na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa ar fiú 60% de na marcanna ar fad é agus comhpháirt bhreise ar fiú 40% í. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a

ceapadh chun cuidiú leis an scoláire a mbeadh deacracht aige an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas aige a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis na scoláirí sin an méid atá ar eolas acu agus an méid atá siad in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Díritear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm is atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na hoiriúntais seo.

Is cúinsí iad sin inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a léiriú, le linn don scoláire a bheith á mheasúnú le haghaidh teastasaithe, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá eolas níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Lonchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Lonchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula socraíonn sé ar staidéar a dhéanamh ar Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, ba cheart don scoláire, i gcomhairle lena scoil agus lena thuismitheoirí/chaomhnóirí, athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dó machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh sé in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige a fhágann nach mbeadh sé in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach aige, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádúcháin 8 bpointe. Is é Grád 1 an grád is airde; is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1-7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéil agus tá G1–G8 i gceist leis an nGnáthleibhéil.

Tábla 3: Grádú na hArdteistiméireachta

Grád	Marcanna %
A1/G1	90 - 100
A2/G2	80 < 90
A3/G3	70 < 80
A4/G4	60 < 70
A5/G5	50 < 60
A6/G6	40 < 50
A7/G7	30 < 40
A8/G8	< 30

Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba cheart a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach.

Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Léirthuisint a bheith ag... do...	brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud
Déan measúnú	nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh
Cuir in iúl	leaganacha amach cuí a úsáid chun brí a chomhroinnt, malartú a dhéanamh nó eolas a chur i láthair le pobal
Déan	gníomhaíocht a eagrú agus a chur i gcrích; tabhairt faoi ghníomhaíocht
Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil
Cuir síos	pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó samhail a tháirgeadh
Pléigh	athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, peirspictíochtaí, tosca nó hipitéisí atá bunaithe ar fhianaise chuí
Idirdhealaigh	coincheapa, saintréithe nó ábhair a bhriseadh síos nó a scaradh ina gcodanna nó ina gcomhpháirteanna, ag socrú cén bhaint atá ag na codanna nó comhpháirteanna lena chéile, conas a nasctar lena chéile iad, nó cén bhaint atá ag na codanna nó comhpháirteanna le struchtúr nó cuspóir foriomlán
Measúnaigh (sonraí)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoin smaoineamh, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

Scrúdaigh	breathnú go grinn ar argóintí, coincheapa, sonraí, faisnéis, agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochothaí agus/nó caidrimh a nochtadh
Mínigh	mionchuntas a thabhairt arna thacú le fáthanna nó cúiseanna
Fiosraigh	breathnaigh, déan staidéar, d'fhonn fíricí a chruthú
Ceap	na coincheapa nó na hargóintí cuí a chur in iúl go beacht agus go córasach
Sainaithin	patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair
Iniúch	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua
Tabhair breac-chuntas	na príomhphointí a thabhairt; na nithe ríthábhachtacha amháin
Pleanáil	modh nó cur chuige a cheapadh nó a bheartú
Aithin	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint
Déan taighde	sainfhiosrú a dhéanamh, ag úsáid iniúchadh casta agus criticiúil
Sintéisigh	smaointe difriúla, sonraí, faisnéis agus eolas a thabhairt le chéile, san fhoirm scríofa nó i bhfoirm eile, chun smaoineamh nua nó tuiscint níos doimhne a chruthú

